# An Seicliosta Bruscair

Is seicliosta oscailte é an seicliosta seo a leanas a dhíríonn ar thionchar na scoile ar an gcomhshaol maidir le bruscar. Tá feidhm oideachasúil ag an seicliosta seo freisin trína n-ardaíonn an próiseas bailithe sonraí feasacht agus go dtugann sé bonn daoibh chun bhur bplean gníomhaíochta a fhorbairt. Is féidir 'tá' nó 'níl' a fhreagairt ar gach ceist ar an seicliosta. Léiríonn 'Níl' gur féidir feabhsú a dhéanamh. Is féidir spriocanna inchainníochtaithe a leagan amach ansin don réimse atá le feabhsú. Is ceisteanna molta iad na ceisteanna san athbhreithniú thíos agus tá fáilte romhaibh ceisteanna a chur leis chun réimse ar leith a bhaineann le bhur scoil a scrúdú.

| Ceist | Tá/Níl | Nótaí- Plean gnímh |
|---|---|---|
| An bhfuil fadhb bhruscair ag bhur scoil? | | |
| An bhfuil polasaí bhruscair ag bhur scoil? | | |
| An bhfuil an scoil glan laistigh? | | |
| An bhfuil áiteanna i gclós na scoile ina bhfuil drochfhadhb bruscair ann? | | |
| An bhfuil aon am den lá/seachtain ina mbíonn an méid bruscair thar a bheith dona? | | |
| An dtagann an chuid is mó den bhruscar ó laistigh den scoil? | | |
| An bhfuil an dóthain boscaí bruscair sa scoil? | | |
| An bhfuil an dóthain boscaí bruscair lasmuigh den scoil? | | |
| An bhfuil siad curtha sna háiteanna cearta timpeall na scoile? | | |
| An bhfuil cineálacha áirithe bruscair níos coitianta ná cinn eile? | | |
| An ndearna an scoil suirbhé maidir le bruscar ? | | |
| An nglacann sibh páirt i mBailte Slachtmhara áitiúla nó in imeachtaí náisiúnta (m.sh. Glantachán Náisiúnta an Earraigh) a théann i ngleic le bruscar? | | |
| An bhfuil ábhar an bhruscair ionchorpraithe in éiteas/curaclam na scoile? | | |
| Ar thug Maor Bruscair ón Údarás Áitiúil cuairt ar an scoil riamh? | | |